

## Don Ghiúdach a d'imigh

Seán Ó Riain a d'aistrigh ó bhundán Esperanto Leon Deij

Dhún sé a mhála, chroith lámh liom, d'fhág slán!  
Gan aon agóid a d'imigh sé ... Inniu  
A thuigim san; caithfidh gurbh ionadh leis  
Gur mise, an Críostaí, a lig dó imeacht.

A cheann cromtha, an mála aige á iompar,  
Chuaigh sé an bealach go hAuschwitz, don bhás,  
Gan aon agóid ... caithfidh gurbh ionadh leis  
Gur mise, an Críostaí, a lig dó imeacht.

Is lá éigin labharfaidh a mhac lem mhacsa,  
Cuirfidh sé ceisteanna, an fhírinne lorgóidh.  
Tostfaidh mo mhacsa ... is ní bheidh air ach ionadh  
Gur mise, an Críostaí, a lig dó imeacht.

Mhothaíomar trua, bhailíomar airgead,  
Is cuid againn a dhein na páistí a chosaint.  
Ach **bhí Auschwitz ann!** Sea, cad eile 'tá le rá?  
Ach gur mise is tusa ... a lig dó imeacht.

Bundán in Esperanto:

### Al la Juda Foririnto

Li fermis la kofron, manpremis, adiaŭ!  
Sen ia protesto li iris ... hodiaŭ  
mi tion komprenas; li povis nur miri,  
ke mi, la Kristano, lin lasis foriri.

Kun kapo klinita la kofron li portis  
Li iris la vojón al Auschwitz kaj mortis  
sen ia protesto... Li povis nur miri,  
ke mi, la Kristano, lin lasis foriri.

Kaj iam la filo kun filo parolos  
kaj tiu demandos, la veron li volos.  
La mia silentos... kaj povos nur miri,  
ke mi, la Kristano, lin lasis foriri.

Ni sentis kompaton, kaj monon kolektis,  
dum kelkaj el ni la infanojn protektis.  
Sed Auschwitz **ekzistis!** Nu kion plu diri?  
Ke mi kaj ke vi... ni lin lasis foriri.